Bannaí

COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

An Chúirt Choiriúil

1

Oifig na Cúirte Cuarda Coiriúla, Áras na dTaifead Poiblí, Na Ceithre Chúirt, Baile Átha Cliath 7.

Bíonn **cosantóir** i dteideal aisíoca ar bhannaí:

- Ar ordú críochnaitheach a bheith déanta ag an gcúirt maidir le gach cás lena mbaineann na bannaí, **agus**
- Ar fhreastal don chosantóir ar na héisteachtaí cúirte uile agus ar gach coinníoll eile leis na bannaí a bheith comhlíonta ag an gcosantóir. (Sa chás gur eisíodh Barántas Binse, is ar ordú na cúirte amháin a scaoilfear airgead bannaí.)

Bíonn **urra** i dteideal aisíoca ar bhannaí:

- Ar ordú críochnaitheach a bheith déanta ag an gcúirt maidir le gach cás lena mbaineann na bannaí, **agus**
- Ar fhreastal don chosantóir ar na héisteachtaí cúirte uile agus ar gach coinníoll eile leis na bannaí a bheith comhlíonta ag an gcosantóir. (Sa chás gur eisíodh Barántas Binse, is ar ordú na cúirte amháin a scaoilfear airgead bannaí.)

  Sa chás go bhfuil na coinníollacha thuas comhlíonta ag an gcosantóir, tá an t-urra i dteideal aisíoca ar na bannaí, ar an gcoinníoll gur shínigh siad an cúirtbhanna. Sa chás nár shínigh an t-urra an cúirtbhanna, ní aisíocfar an t-airgead bannaí leo; ní mór an t-airgead bannaí a íoc leis an gcosantóir.

Nithe le tabhairt isteach agus iarratas á dhéanamh ar aisíoc ar bhannaí:

1. An admháil bhunaidh maidir leis na bannaí.
2. Ainm nó uimhir na cúirte ina ndearnadh an cinneadh críochnaitheach maidir leis an gcás nó leis na cásanna.
3. Aitheantas pearsanta, mar shampla, pas, ceadúnas tiomána nó cárta leasa shóisialaigh.

Cén fhad go bhfaightear aisíoc ar bhannaí?

Ar iarratas a dhéanamh leis an oifig agus an cháipéisíocht chuí a chur ar fáil, aisíocfar na bannaí taobh istigh de 4 seachtaine.

Nóta: Is le seic amháin a dhéantar aisíoc ar bhannaí.

Four Courts Area

Bileog eolais atá anseo. Ní comhairle dlí a chuirtear ar fáil sa bhileog. Sa chás go mbíonn comhairle dlí de dhíth, ba cheart dul i gcomhairle le haturnae.

Sonraí teagmhála:
Teileafón
01 - 888 6676
01 - 888 6609
Ríomhphost
circuitcriminal@courts.ie

COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

www.gsdc.net 2016